

1. Cad a rinne tú an tseachtain seo?      What did you do this week?  
*Bhí mé ag ...*      *I was at ...*  
*Chuaigh mé go (dtí an) ...*      *I went to (the) ...*  
*Chonaic mé ...*      *I saw ...*  
*D'ith mé ...*      *I ate ...*
  
2. An gcaitheann tú culaith Oíche Shamhna? An cuimhin leat culaith an-mhaith a bheith agat?      Do you wear a costume on Halloween? Do you remember a very good costume that you had?
  
3. Ar mhaith leat sióg a fheiceáil?      Would you like to see a fairy?
  
4. An ndearna tú aon rún don athbhliain nó an bhfuil rún agat aon rud faoi leith a dhéanamh i mbliana?      Did you make any resolution for the new year or would you like to do anything special this year?

**Féilte na Bliana (leanúint)**

**Holiday of the Year (continued)**

1. Ar Oíche Shamhna bíonn spóirt mhór ag na daoine óga. On Halloween the young people have a lot of fun.
2. Bíonn cuid acu ag iarraidh breith ar úll lena gcuid fiacail agus bíonn na h-úlla ar crochadh ar théada a bhíonn ar crochadh ón síleáil. Some of them try to grab an apple with their teeth and the apples hang from strings that are hanging from the ceiling.
3. Bíonn cuid eile acu ag iarraidh breith ar phíosáí sé pingíní lena bhfiacail agus bíonn na píosáí sé pingin i dtobáin. Others of them try to grab a sixpence with their teeth and the sixpences are in tubs.
4. An duine a bhíonn in ann an t-airgead a fháil lena fhiacail is féidir leis é a choinneáil. The person who is able to get the money with his teeth is able to keep it.
5. Deirtear go mbíonn na sióga amuigh an oíche sin. They say that the fairies are out that night.
6. Bíonn féasta mór ag na daoine an oíche sin. People have a big feast that night.
7. Bíonn cácaí deasa acu agus bíonn fáinní i gcuid de na cácaí. They have nice cakes and there are rings in some of the cakes.
8. Bíonn cnónna agus úlla acu freisin. They also have nuts and apples.
9. Ar Oíche Nollaig, 'sé sin ar an ceathrú lá is fiche de Mhí na Nollaig bíonn spóirt mhór ag na páistí óga. On Christmas Eve, that is on the twenty-fourth of December, the young children have a lot of fun.
10. Fágann siad a gcuid stocaí in aice an tsimléir mar síleann siad gurb é San Nioclás a chuireann na bréagáin isteach sna stocaí. They leave their stockings next to the chimney because they think that it's St. Nicholas who puts the toys into the stockings.
11. Bíonn féasta mór ag na daoine ar Lá Nollaig. People have a big feast on Christmas Day.
12. Ar Lá Fhéile Stiofáin téann na buachaillí óga thart ó theach go teach leis an dreoilín ag bailiú airgid. On St. Stephen's Day the young boys go around from house to house with the wren collecting money.

- |     |  |  |
|-----|--|--|
| 13. | Nuair a bhíonn siad ag dul thart leis an dreoilín seo an rann a bhíos ar siúl acu  | When they are going around with the wren, the verse that they have is                                  |
| 14. | "Dreoilín, Dreoilín rí na n-éan  | "Wren, Wren, king of the birds   |
| 15. | Lá San Stíofáin a gabhadh é  | On St. Stephen's Day he was caught   |
| 16. | Is mór é a mhuirín 's is beag é féin   | His family is large and he himself is small.   |
| 17. | Éirí suas a bhean an tí  | Rise up woman of the house   |
| 18. | Tabhair dhúinn pingin nó trí"  | Give us a penny or three"  |
| 19. | Bíonn siad ag dul thart ó theach go teach ag iarraidh airgid.  | They go around from house to house collecting money.   |
| 20. | Faigheann siad a lán airgid sa chaoi sin agus ceannaíonn siad go leor rudaí deasa dóibh féin.                            | They get a lot of money in this way and they buy a lot of nice things for themselves.                  |
| 21. | Ar an oíche roimh lá Coille buaileann na daoine an sean-bhliain amach agus an bhliain nua isteach ag a dó dhéag a' clog. | On the night before New Year's Day people beat the old year out and the new year in at twelve o'clock. |
| 22. | 'Sé lá Coille an chéad lá saoire eile.   | New Year's Day is the next free day.   |
| 23. | Ní dhéanann na daoine aon obair an lá sin.   | People don't do any work that day.   |
| 24. | Téann siad go dtí an Aifreann.   | They go to Mass.   |
| 25. | 'Sé an chéad lá den bhliain a cheiliúrann na daoine an lá seo.   | It's on the first day of the year that people celebrate this day.                                      |
| 26. | 'Sé Lá Nollaig Bheag an chéad lá saoire eile.  | Little Christmas is the next free day.   |
| 27. | Lasann na daoine dhá choinneal déag oíche cinn an dá lá déag.  | People lite twelve candles on the night before the twelve days.  |
| 28. | 'Sé an dá lá dhéag deiridh na Nollaig.   | The twelve days are the end of Christmas.  |

29. Ní dhéanann na daoine aon obair an lá sin. People don't do any work that day.
30. Coinníonn siad é mar lá saoire. They keep it as a free day.

**Ceisteanna**

**Questions**

1. An mbíonn na h-úlla i dtobáin ar Oíche Shamhna? Are the apples in basins on Halloween?
2. Cad a bhíonn sna tobáin? What is in the basins?
3. Conas a fhaigheann na páistí na h-úlla agus an t-airgead? How do the kids get the apples and the money?
4. Cé a bhíonn amuigh ar Oíche Shamhna? Who is out on Halloween?
5. Cad a bhíonn sna cácaí Oíche Shamhna? What is in the cakes on Halloween?
6. Cé a thugann bréagáin do na páistí don Nollaig? Who gives toys to the kids on Christmas?
7. Cá bhfágann sé ne bronntanais dóibh? Where does he leave the gifts for them?
8. Cad a dhéanann na buachaillí Lá San Stiofáin? What do the boys do on St. Stephen's Day?
9. Cad a bhfaighean na buachaillí ag na tithe? What do the boys get at the houses?
10. Cad a dhéanann na daoine ar Lá Coille? What do people do on New Year's Day?
11. Cad a dhéanann daoine ar Lá Nollaig Bheag? What do people do on Little Christmas?